C/2025/6673

15.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6673)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Danablu'

PGI-DK-0328-AM01 — 15.9.2025

1. **Ainm an táirge**

'Danablu'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☒ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír lena mbaineann an limistéar geografach**

an Danmhairg

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Fødevarestyrelsen [Riarachán Tréidliachta agus Bia na Danmhairge]

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Míniú ar an bhfáth a dtagann an leasú faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143:

Baineann na leasuithe le hathruithe eagarthóireachta agus nuashonruithe nach bhfuil aon tábhacht shubstainteach ag baint leo.

Ní thagann an t-iarratas chun an tásc geografach faoi chosaint Danablu a leasú faoi aon cheann de na trí chás dá bhforáiltear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ar leasú ar leibhéal an Aontais é le haghaidh táirgí talmhaíochta, is é sin:

(a) athrú ar ainm nó ar úsáid an ainm;

(b) baol dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

(c) srianta breise i dtaca le margaíocht a dhéanamh ar an táirge.

Dá bhrí sin, aicmítear na leasuithe ar shonraíocht táirge an táisc gheografaigh faoi chosaint Danablu mar leasú caighdeánach de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Baineann an leasú le Roinn 1, 'Ainm' den tsonraíocht táirge*

'Danablu 50+ nó Danablu 60+ (ag brath ar an gcion saille)'

leasaíodh sin chuig seo a leanas:

'Danablu'.

Cúis: Leasú eagarthóireachta lena sonraítear go bhfuil an t-ainm cláraithe le bheith le feiceáil as féin, rud a chiallaíonn nár cheart an cion saille in ábhar tirim a léiriú in éineacht leis an ainm.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

2. *Baineann an leasú le Roinn 2.1, 'Comhdhéanamh' den tsonraíocht táirge*

'Danablu 50+: Íosmhéid saille in ábhar tirim: 50 %; ábhar tirim íosta: 52 %

Danablu 60+: Íosmhéid saille in ábhar tirim: 60 %; ábhar tirim íosta: 56 %'

leasaíodh sin chuig seo a leanas:

'Is féidir Danablu a tháirgeadh leis na leibhéil cion saille seo a leanas:

— Íosmhéid saille in ábhar tirim: 50 %; ábhar tirim íosta: 52 %

— Íosmhéid saille in ábhar tirim: 60 %; ábhar tirim íosta: 56 %'.

Cúis: Leasú eagarthóireachta

Is é an toradh atá ar an leasú sin athrú ar an bhforoinn 'Comhdhéanamh' de Roinn 3.2, 'Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)', den doiciméad aonair.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Baineann an leasú le Roinn 7, 'Comhlacht deimhniúcháin agus comhlacht cigireachta' den tsonraíocht táirge*

Scriosadh an roinn toisc nach meastar go bhfuil faisnéis maidir le cé atá freagrach as comhlíonadh na sonraíochta táirge a sheiceáil ábhartha lena cur san áireamh sa tsonraíocht. Thairis sin, ní tharmligtear an cúram sin a thuilleadh, ach is é Riarachán Tréidliachta agus Bia na Danmhairge a dhéanann é anois.

Ní thagann aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Baineann an leasú le Roinn 8, 'Lipéadú' den tsonraíocht táirge*

'Danablu (50+ nó 60+) móide "Tásc Geografach faoi Chosaint" nó "TGFC" i ngach leagan de na teangacha oifigiúla. Féadfar na focail "Cáis Ghorm na Danmhairge" nó aistriúcháin orthu i ngach leagan de na teangacha oifigiúil a chur isteach.'

leasaíodh sin chuig seo a leanas:

'Féadfar na focail "Cáis Ghorm na Danmhairge" nó aistriúcháin orthu i dteangacha eile a chur ar an lipéad. Ní mór na focail a bheith le feiceáil ar leithligh ón ainm faoi chosaint, ach sa réimse radhairc céanna leis an ainm faoi chosaint.'

Cúis: Baineann an leasú le dhá ghné: is é an chéad ghné gur scriosadh na focail 'Danablu (50+ nó 60+) móide "Tásc Geografach faoi Chosaint" nó "TGFC" i ngach leagan de na teangacha oifigiúla'. Tá an t-athrú sin mar thoradh go páirteach ar leasú Uimh. 1 agus mar thoradh go páirteach ar an bhfíoras go bhfuil an ceanglas maidir leis na focail a chur leis an ainm '"Tásc Geografach faoi Chosaint" nó "TGFC" i ngach leagan de na teangacha oifigiúla' iomarcach toisc go bhfuil sé infheidhme go ginearálta.

Is é an dara gné ná gur athraíodh an abairt 'Féadfar na focail "Cáis Ghorm na Danmhairge" nó aistriúcháin orthu i ngach leagan de na teangacha oifigiúla a chur isteach.' de thoradh an leasaithe thuas agus sonraíodh nach mór na focail bhreise, i gcás ina n-áirítear iad, a bheith le feiceáil ar leithligh ón ainm cláraithe, ach sa réimse radhairc céanna leis an ainm cláraithe.

Is é an toradh atá ar an leasú seo ná athrú ar Roinn 3.6, 'Rialacha sonracha maidir le lipéadú', den doiciméad aonair.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Baineann an leasú le Roinn 9, 'Ceanglais náisiúnta' den tsonraíocht táirge*

Scriosadh an roinn sin.

Cúis: Níl aon cheanglas náisiúnta sonrach ann.

Ní thagann aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. *Baineann an leasú le hainm agus seoladh an ghrúpa táirgeoirí*

Tugadh ainm agus seoladh chomhlachas na dtáirgeoirí cothrom le dáta, ach seachas sin níl aon athrú ar an roinn.

Ní thagann aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

'Danablu'

Uimh. AE: PGI-DK-0328-AM01 — 15.9.2025

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

'Danablu'

2. **Ballstát nó tríú tír**

an Danmhairg

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

04 – TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL AICEANTA TÁIRGÍ INITE DE BHUNADH AINMHÍOCH, NACH SONRAÍTEAR NÁ NACH nÁIRÍTEAR IN ÁIT EILE

0406 – Cáis agus gruth

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Cáis ghormfhéitheach, lánsaille nó lánsaille breise, leath-theann go bog, aibithe le múscán gorm, a tháirgtear ó bhainne bó na Danmhairge.

Comhdhéanamh:

Is féidir Danablu a tháirgeadh leis na leibhéil cion saille seo a leanas:

1. Íosmhéid saille in ábhar tirim: 50 %; ábhar tirim íosta: 52 %
2. Íosmhéid saille in ábhar tirim: 60 %; ábhar tirim íosta: 56 %

Cruth agus meáchan (cáis iomlán):

1. Sorcóireach cothrom, thart ar 20 cm ar trastomhas, meáchan thart ar 3 kg
2. Dronuilleogach, thart ar 30 cm ar fad, leithead thart ar 12 cm, meáchan thart ar 4 kg

Dromchla:

Dath idir bán agus scothbhuí éadrom nó scothdhonn éadrom. Níl aon sraith shuntasach screimhe cáise ná fás múscáin ann. D'fhéadfadh sé nach mbeadh sé ach beagán báite sa lár. D'fhéadfadh polladh infheicthe a bheith sna dromchlaí. Níl aon chéir phairifín ná cumhdach eibleachta plaistí ann.

Craiceann:

Níl craiceann ann dáiríre, ach tá sraith sheachtrach neamh-thréscaoilteach agus sách teann ann. Féadfaidh polladh a bheith sna dromchlaí. Ní mór na dromchlaí agus na taobhanna a bheith iomlán, cothrom agus rialta.

Dath:

Idir bán agus scothbhuí éadrom, nach bhfuil scothliath, nach bhfuil faoi go leor múscán, le féitheacha gormghlasa múscáin atá marmaraithe agus íon agus dáilte go cothrom ag dul trí pholladh, poill agus scoilteanna. D'fhéadfadh an marmarú laghdú i dtreo imeall na cáise. Ní cheart aon screamh cháise ná fás múscáin choimhthíoch a bheith sa pholladh.

Struchtúr:

Polladh, scoilteanna (oscailtí grutha) agus oscailtí fisiciúla atá scaipthe agus dáilte go cothrom. D'fhéadfadh an mhais a bheith níos dlúithe i dtreo imeall na cáise. Níl aon pholl ann ó choipeadh.

Raimhre:

Scaoilte ach gan bheith grabhrógach, bog go ginearálta, inghearrtha agus inleata, beagán níos teinne agus uigeacht níos giorra i dtreo imeall na cáise.

Boladh agus blas:

Blas glan, goinbhlasta arb é is príomhthréith dó fíorfhás múscáin ghoirm. D'fhéadfadh an blas a bheith goinbhlasta agus beagán goirt agus géar, agus blasanna beagán searbh uirthi.

Am aibithe:

5 seachtaine ar a laghad

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

Is as bainne ón limistéar geografach amháin a tháirgtear Danablu.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadfar na focail 'Cáis Ghorm na Danmhairge' nó aistriúcháin orthu i dteangacha eile a chur leis an ainm. Ní mór na focail a bheith ar leithligh ón ainm cláraithe, ach sa réimse radhairc céanna leis an ainm cláraithe.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

an Danmhairg

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

5.1. *An limistéar geografach*

I gcomhréir leis an oideas bunaidh, is ó bhainne bó na Danmhairge amháin a tháirgtear Danablu.

Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Is é an saineolas agus an fios gnó traidisiúnta atá ag táirgeoirí cáise na Danmhairge an ghné fhíor-riachtanach i dtáirgeadh Danablu a dhéanann é a theorannú do limistéar geografach na Danmhairge. Áirithítear leis na scileanna uathúla sin go bhfuil cáilíochtaí traidisiúnta na cáise sin fós ag an Danablu a tháirgtear.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Is cáis ghormfhéitheach í Danablu, cáis lánsaille nó lánsaille breise, leath-theann go bog í, a tháirgtear ó bhainne bó na Danmhairge. Déantar an bainne a homaiginiú agus a phaistéaradh nó déantar cóireáil teasa air, rud a thugann blas géar, goinbhlasta agus uigeacht inghearrtha, beagán grabhrógach don cháis. Tá blas láidir ar Danablu i gcomparáid le cáiseanna gormfhéitheacha eile. Tá an craiceann bán agus saor ó mhúscán infheicthe agus ó mhiocrorgánaigh eile.

5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás an ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá ann (i gcás an TGFC)*

Laistigh agus lasmuigh den Aontas, tá cáil ar Danablu as bheith ina speisialtacht de thionscnamh na Danmhairge a dhéantar as amhábhair na Danmhairge. Baineadh an cháil sin amach trí thionscnaimh reachtacha agus trí obair a rinne táirgeoirí le 60 bliain anuas chun cáilíocht an táirge a áirithiú agus chun a shaintréithe traidisiúnta áirithe a chaomhnú.

Stair

Le linn an Dara Cogadh Domhanda, fuair ollscoil Mheiriceá paitinn as bainne cáise a homaiginiú agus rinne an ollscoil iarracht dleachtanna a ghearradh ar cháis na Danmhairge a rinneadh as bainne homaiginithe. Níor éirigh leis sin toisc go bhféadfaí a léiriú gur thug Marius Boel an modh sin isteach sa Danmhairg 20 bliain roimhe sin. Is cosúil go raibh a aird — a bheag nó a mhór — ar an gcáis fiú agus é ina bhuachaill mar nuair a bhí sé an-óg, rinne sé roinnt turgnaimh spéisiúla ar shaothráin ghormafhéitheacha sa bhaile ar fheirm a theaghlaigh in Salling, áit ar táirgeadh im agus cáis. Thug sé faoi deara go raibh na cáiseanna faoi mhúscán uaireanta agus, le teann caidéise amháin, bhlais sé iad. Fuair Boel amach go raibh 'blas ar leith, goinbhlasta' ar na cáiseanna. Mar sin, thóg sé múscán éigin ó na cáiseanna agus d'fhás sé é ar arán. Ina dhiaidh sin, thriomaigh sé agus mheil sé an t-arán agus chuir sé an púdar sin isteach leis an ngruth úr. Glacadh an chéad chéim i dtreo cháis Danablu.

In 1927 rinne Boel iarracht cáis a dhéanamh as bainne homaiginithe a fuair sé ó dhéiríocht in Odense. Fuair sé inspioráid ó uachtar singil 9 % saille agus, toisc gur homaiginíodh é, bhí raimhre uachtarúil aige in ainneoin a chion saille réasúnta íseal. Mar thoradh ar na turgnaimh, tháinig feabhas mór ar cháilíocht na cáise, rud a d'éirigh níos saillí agus a fuair blas níos goinbhlasta, dath níos gile agus acmhainneacht fheabhsaithe coinneála uisce. Níorbh fhada go raibh sé ina chleachtas coitianta chun bainne cáise a homaiginiú ag déiríochtaí a tháirgeann cáis den chineál sin. Sna 1930idí d'éirigh sé coitianta freisin bainne cáise a phaistéaradh ag teocht íseal ag déiríochtaí cáise na Danmhairge.

Ar chúiseanna éagsúla, tháinig ardú as cuimse ar an éileamh ar cháis ghormfhéitheach na Danmhairge thart ar 1930, agus tháinig méadú ar an líon táirgeoirí freisin. Chun cáilíocht a choinneáil, cuireadh tús le caibidlíocht leis an bPríomh-Chigire Lohse, Ceann na Seirbhíse Cigireachta Stáit, d'fhonn seiceálacha rialta a bhunú ar cháiseanna atá beartaithe lena n-onnmhairiú. Thángthas ar an gconclúid sa chaibidlíocht gur ghá comhlachas táirgeoirí a bhunú ar dtús a d'fhéadfadh sonraí an chórais cigireachta a phlé. Dá réir sin, tionóladh cruinniú an 23 Meitheamh 1934. Glacadh an cinneadh comhlachas táirgeoirí a bhunú ag an gcruinniú.

An lá céanna a bunaíodh an comhlachas, comhaontaíodh le Cigire Lohse go reáchtálfaí na chéad trialacha meastóireachta cáise in Odense an 16 Iúil 1934. Tar éis trí thriail, glacadh critéir chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcraiceann, ar an struchtúr, ar an dath, ar an mboladh agus ar an mblas atá ar an gcáis agus ar a hoiriúnacht fhoriomlán lena honnmhairiú. I mí Mheán Fómhair 1934 chuir an comhlachas tús le caibidlíocht leis an Aireacht Talmhaíochta agus leis an tSeirbhís Cigireachta Stáit chun rialacha a bhunú maidir le saintréithe na cáise agus maidir le formheas le haghaidh déiríochtaí chun cáiseanna onnmhairiúcháin a tháirgeadh. Tar éis na caibidlíochta, d'eisigh an aireacht a 'rialacháin chun meastóireacht a dhéanamh ar cháiseanna de chineál Roquefort i meastóireachtaí cáise stáit'. Tháinig na rialacháin i bhfeidhm an 1 Eanáir 1936.

In 1952 bunaíodh ainm na cáise, Danablu, go hoifigiúil ag Ordú Uimh. 80 ón Aireacht Talmhaíochta an 13 Márta 1952 maidir le hainmneacha cháiseanna na Danmhairge. Eisíodh Gníomh Uimh. 214 an 16 Meitheamh 1958 maidir le cáis a tháirgeadh agus a mhargú, etc. in 1958. Leagtar amach sa Ghníomh treoirlínte maidir le táirgeadh agus cigireacht. Leagadh síos rialacháin ina dhiaidh sin in orduithe ó 1963 agus 1969 ina sonraítear saintréithe cáiseanna.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://foedevarestyrelsen.dk/Media/638924859496078085/Produktspecifikation%20for%20DANABLU%20-%20september%202025.pdf